*Cosantóir:* An Pharlaimint Eorpach (ionadaithe: N. Görlitz, T. Lukácsi agus C. Burgos, Gníomhairí)

*Idiragraí, ag tacú leis an gcosantóir:* Ríocht na Spáinne (ionadaí: A. Gavela Llopis, Gníomhaire)

**Ábhar**

Lena gcaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí go gcuirfear ar neamhní, ar thaobh amháin, treoir an 29 Bealtaine 2019 ó Uachtarán na Parlaiminte Eorpaí lena ndiúltaítear an tseirbhís fáiltithe agus cúnaimh a chuirtear ar fáil d'fheisirí Eorpacha nua agus bronnadh creidiúnaithe sealadaigh dóibh agus, ar an taobh eile, diúltú Uachtarán na Parlaiminte stádas feisire Eorpaigh a aithint dóibh, atá i litir an 27 Meitheamh 2019.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean toisc í a bheith do-ghlactha.

2) Ordaítear do Carles Puigdemont i Casamajó agus Antoni Comín i Oliveres a gcostais féin a íoc chomh maith le costais Pharlaimint na hEorpa, lena n-áirítear na costais i gcásanna T-388/19 R, C-646/19 P(R), agus T-388/19 R-RENV.

3) Íocfaidh Ríocht na Spáinne a costais féin.

---

[1] IO C 270 an 12.8.2019.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 – Design Light & Led Made in Europe agus Design Luce & Led Made in Italy v an Coimisiún**

**(Cás T-886/19)** [1]

***(Iomaíocht – Mí-úsáid ceannasachta – Comhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhbheartaithe – Earnáil soilsithe LED – Clár um Cheadúnú Paitinne (Patent Licensing Program) – Cinneadh lena ndiúltaítear do ghearán – Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 773/2004 – Earráid fhollasach measúnaithe – Oibleagáid cúiseanna a lua – Easpa leasa an Aontais Eorpaigh – An dóchúlacht a bheith in ann a shuíomh an ndearnadh sárú)***

(2022/C 340/36)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Design Light & Led Made in Europe (Milano, an Iodáil), Design Luce & Led Made in Italy (an Róimh, an Iodáil) (ionadaithe: M. Maresca, D. Maresca agus S. Pelleriti, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: B. Ernst, C. Sjödin agus J. Szczodrowski, i gcáil Gníomhairí)

*Idiragraí, mar thaca leis an gcosantóir:* Signify Holding BV (Eindhoven, an Ísiltír) (ionadaithe: R. Snelders, R. Lepetska agus N. Van Belle, Dlíodóirí)

**Maidir le:**

Trína chaingean bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí go ndéanfar Cinneadh C(2019) 7805 final ón gCoimisiún an 25 Deireadh Fómhair 2019, lena ndiúltaítear dá ngearán maidir le sáruithe ar Airteagail 101 nó 102 CFAE a líomhnaítear a rinne Koninklijke Philips NV (Cás AT.39913 — LED), a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Design Light & Led Made in Europe agus Design Luce & Led Made in Italy na costais a íoc.

3. Ordaítear do Signify Holding BV a chostais féin a íoc.

---

[1] IO C 61, 24.2.2020.